



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preas Ráiteas Press Statement

Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, Ráithe 1 2016

LÁNCHOSC: Ná scaoiltear roimh 11.00rn 24 Bealtine 2016

Achoimre ar thorthaí ceannlíne

Príomhthorthaí	Ráithe 1 2016	Athrú bliantúil
Fostaithe	1,976,500	+ 46,900
Dífhostaithe	179,500	- 33,300
Sa Lucht Saothair	2,156,000	+ 13,600
Níl sa Lucht Saothair	1,470,200	+ 5,300

Líon na nDaoine i bhFostaíocht

- ◆ Bhí méadú bliantúil i bhfostaíocht arbh ionann é agus 2.4% nó 46,900 sa bhliain chuig an gcéad ráithe de 2016, ag tabhairt an líon iomlán i bhfostaíocht go 1,976,500.
- ◆ Ar bhonn choigeartú séasúrach, tháinig méadú 15,400 (+0.8%) ar fhostaíocht sa ráithe. Leanann sé seo ar aghaidh ó mhéadú coigeartaithe séasúraigh de chuid 6,600 (+0.3%) i bhfostaíocht i R4 2015.

Líon na nDaoine Dífhostaithe

- ◆ Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta coigeartaithe go séasúrach ó 9.0% go 8.3% i gcaitheamh na ráithe.
- ◆ Laghdaigh dífhostaíocht faoi 33,300 (-15.7%) sa bhliain go R1 2016, ag tabhairt líon iomlán na ndaoine dífhostaithe go 179,500.
- ◆ Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó 6.0% go 4.7% i gcaitheamh na bliana go R1 2016. Ba í dífhostaíocht fhadtéarmach ba chúis le 56.1% den dífhostaíocht iomlán i R1 2016 i gcomparáid le 59.7% bliain roimhe sin agus 60.5% sa chéad ráithe den bhliain 2014.

Lucht Saothair

- ◆ Bhí an líon iomlán daoine sa lucht saothair sa chéad ráithe den bhliain 2016 cothrom le 2,156,000, arb ionann sin agus méadú de chuid 13,600 (+0.6%) i gcaitheamh na bliana. B'ionann an líon daoine nach raibh sa lucht saothair i R1 2016 agus 1,470,200, méadú de chuid 5,300 (+0.4%) i gcaitheamh na bliana.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
T12 X00E
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 4984000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
T12X00E
Ireland

Dublin Office
+353 1 4984000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555



information@cso.ie
www.cso.ie

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise téigh i mbun teagmhála le Edel Flannery ag 021-453 5623 nó Martina O'Callaghan ag 021-453 5491.

Facs 021-453 5492.

R-phost labour@cs0.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

24 Bealtine 2016

– CRÍOCH –